# Aguisín 2 (ar lean)

## Dáilcheantair

Tá an tír roinnte ina toghcheantair ar mhaithe le toghcháin Dáil Éireann, agus de réir Alt 16.4 de Bhunreacht na hÉireann, ní foláir na dáilcheantair a athmheas uair ar a laghad sa dá bhliain déag ag féachaint go cuí d'aon athruithe ar shuíomh an daonra. Rinneadh athmheas ar na dáilcheantair go deireanach sa bhliain 1998 agus tá sonraí a ndéantús sa Sceideal don Acht Toghcháin (Leasú) (Uimhir 2), 1998. Tá na figiúirí daonra 2002 do na ceantair sin ar fáil i dTábla 8.

## Toghcheantair Áitiúla

Ar mhaithe le toghcháin Chomhairle Chontae agus Bardas tá gach contae agus cathair roinnte i dToghcheantair Áitiúla a bunaíodh faoi Orduithe a déanadh faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1941. Go ginearálta bunaíodh na ceantair seo as Toghcheantair Iomlána. Ach, i roinnt cásanna tá Toghcheantair roinnte ina dToghcheantair Áitiúla ar mhaithe leis an toghthóireacht. Tá figiúirí daonra do na Toghcheantair Áitiúla tugtha i dTábla 9. Déanann an tábla seo cur síos ar dhéantús reatha na dtoghcheantar áitiúil a bunaíodh faoi na hIonstraim Reachtúla cuí.

Rinneadh na teorainneacha idir Chontaetha Lú agus na Mí agus idir Chontaetha Ceatharlaigh agus Laois a athrú, ar mhaithe le toghcháin amháin, ag Rialacháin Rialtais Áitiúil (Teorainneacha) (Toghcháin Bhaile) 1994. De bharr na n-athruithe teorainne seo ní hionann iomlán na ndaoine sna Toghcheantair Áitiúla i ngach ceann den cheithre chontae seo agus na figiúirí daonra atá i gcló do na contaetha seo.

## Bailte

Tá dhá chineál baile ann ar mhaithe leis an daonáireamh, iad siúd a bhfuil agus iad siúd nach bhfuil teorainneacha sonraithe de réir dlí acu.

I measc na mbailte a bhfuil teorainneacha sonraithe de réir dlí acu tá :

(1) cúig Chathair;
(2) cúig Thoghlach;
(3) 75 Bailte.

Tá liosta de na bailte ar fad a bhfuil teorainneacha sonraithe de réir dlí acu tugtha in Aguisín 3.

Faoi Alt 62 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994 (I.R. 171 de 1994, tháinig deireadh le stádas baile na mbailte seo a leanas: Callain, Fiodh Ard, An Caisleán Nua, Ráth Caola, Ros Comáin agus an Tulach. Tá deireadh anois leis an Acht um Fheabhsúchán Bailte faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (I.R. 591 de 2001). Faoin acht seo tugtar anois Bailte ar na háiteanna a bhíodh ina nDúichí Uirbeacha, tá 26 baile ann a bhíodh ina mbailte cheana faoin Acht um Fheabhsúchán Bailte.

Tugtar "bailte daonáirimh" ar bhailte gan aon teorainneacha sonraithe de réir dlí. Tá na teorainneacha leagtha síos, ar mhaithe le staidreamh amháin, ag an bPríomh Oifig Staidrimh. Bhí 612 bailte den chineál seo ann i 2002.

### (i) Bailte a bhfuil Teorainneacha Sonraithe de réir dlí acu

I gcás bailte a bhfuil teorainneacha sonraithe de réir dlí acu is gá, ar chúiseanna riaracháin, figiúirí daonra a chur le chéile do na ceantair taobh istigh de na teorainneacha sin. Ach, tá go leor de na bailte seo méadaithe taobh amuigh dá dteorainneacha atá sonraithe de réir dlí. Mar thoradh bheadh go leor daoine sna pobail a bhfuil na bailte seo ina núicléis acu fágtha as an áireamh dá mbeadh clúdach déanta go beacht taobh istigh de na teorainneacha atá sonraithe de réir dlí. Tá an fhadhb seo ag méadú ó dhaonáireamh go daonáireamh agus na ceantair uirbeacha ag méadú amach sa tír mháguaird. Is iondúil nach mbíonn athbhreithnithe ar theorainneacha sonraithe de réir dlí déanta le coinneáil suas le forbairtí mar gheall go bhfuileadar ag brath ar chúiseanna eile taobh amuigh de na ceantair uirbeacha a shonrú ar mhaithe le daonáireamh.

# Aguisín 2 (ar lean)

Baineann cuid mhaith den anailís a dhéantar sa daonáireamh ar ollmhéid na ngrúpaí daonra seachas go simplí le ceantair taobh istigh de theorainneacha atá sonraithe de réir dlí. Mar sin, nuair atá ceantair uirbeacha méadaithe taobh amuigh de theorainn an bhaile atá sonraithe de réir dlí déanann an Phríomhoifig Staidrimh teorainneacha nua a leagann síos do na ceantair *bhruachbhailte* de Chathracha/Toghlaigh agus *ceantair mháguaird* de bhailte dlíthiúla eile ar mhaithe le staidreamh.

Tá na bruachbhailte/ceantair mháguaird sonraithe, de réir moltaí atá déanta ag na Náisiúin Aontaithe, mar leathnú ar ghrúpa faoi leith daonra taobh amuigh dá theorainn sonraithe de réir dlí áit nach bhfuil aon áitreabh cónaithe níos mó ná 200 méadar ón áitreabh cónaithe is giorra. Déantar bruachbhailte nó ceantair mháguaird nua a shonrú sa chás go bhfuil ar a laghad fiche áitreabh cónaithe taobh amuigh den teorainn dlíthiúil taobh istigh den teorainn nua. Ní fheictear go bhfuil foirgnimh agus áiseanna tionsclaíocha, tráchtála agus siamsaíochta ag briseadh leanúnachais ceantair thógtha nuair atá an riail 20 méadar dhá chur i bhfeidhm.

Sonraíodh don chéad uair i nDaonáireamh 1951 bruachbhailte do Chathair Átha Cliath agus Cathair Chorcaí. Do Dhaonáireamh 1956 rinneadh scrúdú ar gach baile le teorainn sonraithe de réir dlí i gcomhair leis na hÚdaráis Áitiúla cuí agus nuair a bhí gá, sonraíodh bruachbhailte nó ceantair mháguaird dóibh ar mhaithe le staidreamh. Rinneadh athbhreithiú ar theorainneacha na mbruachbhailte do gach daonáireamh ina dhiaidh sin. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach mar chuid de chéim phróiseála Dhaonáirimh 2002.

**(ii) Bailte Daonáirimh**

Ó Dhaonáireamh 1971 déantar baile daonáirimh a shonrú mar ghrúpa de 50 nó níos mó áitreabh cónaithe, nach bhfuil teorainn sonraithe de réir dlí aige, atá taobh istigh de 800 méadar núicléas de 30 tithe ina bhfuil daoine ina gcónaí ar dhá thaobh den bhóthar nó 20 teach ina bhfuil daoine ina gcónaí ar thaobh amháin den bhóthar. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar theorainneacha na mbailte daonáirimh agus ar theorainneacha aon bhaile a d'fhéadfadh a bheith ina bhaile daonáirimh mar chuid de chéim phróiseála Dhaonáirimh 2002. San athbhreithniú seo rinneadh teorainneacha na mbailte daonáirimh a leathnú amach nuair ba chuí faoin riail 200 méadar a rinneadh cur síos uirthi thuas do na bruachbhailte. Bunaíodh 56 baile daonáirimh nua do Dhaonáireamh 2002. Chomh maith leis sin rinneadh bailte daonáirimh as sé bhaile a raibh deireadh tagtha leo mar bhailte sonraithe de réir dlí (féach leathanach roimhe seo).

I ndaonáirimh 1926 go 1951 sonraíodh baile daonáirimh go simplí mar ghrúpa de 20 nó níos mó tithe agus fágadh faoin áiritheoir a bhí i gceist teorainn sonrach a chur leis an mbaile. Mar chuid den athbhreithniú ginearálta do Dhaonáireamh 1956 rinneadh na teorainneacha do na bailte daonáirimh a chur le chéile i gcomhair leis na hÚdaráis Áitiúla ag cur na bprionsabal céanna i bhfeidhm ar fud na tíre. Athraíodh an míniú ar bhaile daonáirimh do Dhaonáireamh 1956 ó fiche teach go fiche teach le daoine ina gcónaí iontu; b'é an míniú seo a cuireadh i bhfeidhm i nDaonáirimh 1961 agus 1966.

Tá daonra na mbailte tugtha i dTáblaí 5, 7 agus 12. Tá daonra iomlán na mbailte agus a mbruachbhailte nó ceantair mháguaird nuair is cuí ar fáil i dTábla 5, rangaithe de réir méid taobh istigh de na contaetha. Tá liosta in ord aibitre ar fáil de na bailte ar fad sa tír, lena ndaonra, i dTábla 12. I dTábla 7, tá bailte a bhfuil daonra de 1,500 nó níos mó acu rangaithe i ngrúpaí méid bunaithe ar dhaonra iomlán. Sa chomhthéacs seo is ionann daonra iomlán agus daonra na mbailte, daonra na mbruachbhailte nó ceantair mháguaird san áireamh, más ann dó.

## Ceantar Átha Cliath

Is ionann *Mórcheantar Átha Cliath* i nDaonáireamh 2002 agus Cathair Átha Cliath móide na bruachbhailte (i.e. Bruachbhailte Mhórcheantair Átha Cliath). Tá eolas maidir le daonra Cathair Átha Cliath ar tháblaí éagsúla agus maidir le bailte aonair (atá ainmnithe iontu féin seachas mar chuid de Mhórcheantar Átha Cliath) chomh maith le Baile Iomlán agus Ceantair Iomlána Tuaithe de Chontae agus Cathair Átha Cliath.

## Baile Iomlán agus Ceantair Iomlána Tuaithe

Ag leanúint leis an míniú atá in úsáid i dtuairiscí na ndaonáireamh ó 1966, tá cur síos déanta ar dhaonra sa Cheantar Baile Iomlán, mar atá i dTáblaí 3, 4, agus 7 den imleabhar seo agus sna himleabhair eile de thuairisc an daonáirimh, mar na daoine sin a bhfuil cónaí orthu i ngrúpaí daonra de 1,500 nó níos mó daoine. Má tá bruachbhaile nó ceantar máguaird ag baile le teorainn atá sonraithe de réir dlí agus má tá daonra iomlán de

# Aguisín 2 (ar lean)

1,500 nó níos mó sa daonra taobh istigh den teorainn sonraithe de réir dlí móide an daonra sna bruachbhailte nó ceantair mhághuaird, deirtear go mbaineann an baile seo (agus a bhruachbhailte nó ceantair mhághuaird) leis an gCeantar Baile Iomlán. Chomh maith, deirtear go mbaineann baile daonáirimh le 1,500 daoine nó níos mó ina gcónaí ann leis an gCeantar Baile Iomlán.

Deirtear go mbaineann an daonra atá ina chónaí i ngach ceantar taobh amuigh de ghrúpaí de 1,500 nó níos mó daoine leis an gCeantar Iomlán Tuaithe. Ba cheart a rá nach mbaineann an téarma "Ceantar Iomlán Tuaithe" leis an gceantar tuaithe a rinneadh cur síos cheana air. Coincheap staidrimh é an Ceantar Iomlán Tuaithe ach iaraonad riaracháin atá sa cheantar tuaithe. Is féidir a fheiceáil ó Thábla 7 gur daonra de 2,334,282 daoine i 2002 a bhí ag an gCeantar Baile Iomlán. Bhí 1,317,473 acu seo ina gcónaí taobh istigh de theorainneacha sonraithe de réir dlí de bhailte agus bhí 1,016,809 ina gcónaí sna bruachbhailte nó ceantair mhághuaird de na bailte seo nó i mbailte daonáirimh. Taispeáineann Tábla 7 freisin go raibh 5 bhaile le teorainneacha sonraithe de réir dlí nach raibh sách mór, fiú le daonra a gceantar máguaird curtha san áireamh, le bheith sa Cheantar Baile Iomlán agus gurb é daonra iomlán na mbailte de gach méid, síos chuig an íosteorainn de chaoga teach le daoine ina gcónaí iontu 2,616,472 daoine.

## Ceantair Ghaeltachta

Rinne Orduithe na gCeantar Gaeltachta, 1956, 1967, 1974 agus 1982 cur síos ar an nGaeltacht mar 155 Toghcheantair nó cuid de Thoghcheantair sna contaetha seo: Corcaí, Dún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, Maigh Eo, an Mhí and Port Láirge. Tá daonra na dToghcheantar nó cuid acu i 1996 agus 2002 tugtha i dTábla 10.

## Na hOileáin Mhara

Tá daonra i 1996 agus 2002 na n-oileán áitrithe ar an gcósta tugtha i dTábla 11. I gcásanna faoi leith ní gá, i ndáiríre, gur oileáin iad na háiteanna ar fad ós rud é go bhfuil ceangal acu leis an mórthír le cabhsa nó droichead, nó gur féidir teacht orthu ón talamh nuair atá an taoille íseal. Ach, coinníodh iad gan aon athrú don fhoilseachán seo ar mhaithe le leanúnachas leis na daonáirimh cheana.

## Údaráis Réigiúnacha

Tá na fo-cheantair gheografacha i dTábla 4 bunaithe ar Údaráis Réigiúnacha. Bunaíodh an t-ocht réigiún seo faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1991, Ordú Bunaithe na nÚdarás Réigiúnach, 1993 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1994.

| Ainm an Réigiúin | Comhchontaetha | Cineál Réigiúin |
|---|---|---|
| Teorainn | An Cabhán | Contae Riaracháin |
| | Dún na nGall | Contae Riaracháin |
| | Liatroim | Contae Riaracháin |
| | An Lú | Contae Riaracháin |
| | Muineachán | Contae Riaracháin |
| | Sligeach | Contae Riaracháin |
| Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | Cathair |
| | Dún Laoghaire-Rath an Dúin | Contae Riaracháin |
| | Fine Gall | Contae Riaracháin |
| | Átha Cliath Theas | Contae Riaracháin |
| Lár-Oirthear | Cill Dara | Contae Riaracháin |
| | An Mhí | Contae Riaracháin |
| | Cill Mhantáin | Contae Riaracháin |
| Lár Tíre | Laois | Contae Riaracháin |
| | Longfort | Contae Riaracháin |
| | Uí Fhailí | Contae Riaracháin |
| | An Iarmhí | Contae Riaracháin |
| Lár-Iarthar | An Clár | Contae Riaracháin |
| | Luimneach | Cathair |

| | | |
|---|---|---|
| | Luimneach | Contae Riaracháin |
| | Tiobráid Árann Thuaidh | Contae Riaracháin |
| Oir-Dheisceart | Ceatharlach | Contae Riaracháin |
| | Cill Chainnigh | Contae Riaracháin |
| | Tiobráid Árann Theas | Contae Riaracháin |
| | Port Láirge | Cathair |
| | Port Láirge | Contae Riaracháin |
| | Loch Garman | Contae Riaracháin |
| Iar-Dheisceart | Corcaí | Cathair |
| | Corcaí | Contae Riaracháin |
| | Ciarraí | Contae Riaracháin |
| An tIarthar | Gaillimh | Cathair |
| | Gaillimh | Contae Riaracháin |
| | Maigh Eo | Contae Riaracháin |
| | Ros Comáin | Contae Riaracháin |

Do dhaonáireamh 1991 agus daonáirimh roimhe baineadh úsáid as Réigiúin Phleanála mar fo-cheantair gheografacha.

Bunaíodh dhá Údarás Réigiúnach eile ar a tugadh Tionóil Réigiúnacha i 1999 faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1991, Ordú Bunaithe na dTionól Réigiúnach, 1999 (I.R. 226 de 1999 a thagraíonn). Tugtar: (1) An Tionól Réigiúnach don Teorainn, Lár Tíre agus don Iarthar (BMW), agus (2) An Tionól Réigiúnach don Deisceart agus don Oirthear (S&E) ar an dá thionól seo. Tá na tionóil seo bunaithe ar Struchtúr Seanbhunaithe na nÚdarás Réigiúnach.

| Ainm an Réigiúin | ComhÚdaráis Áitiúla |
|---|---|
| An Tionól Réigiúnach don Teorainn, Lár Tíre agus don Iarthar | Comhairle Chontae an Chabháin |
| | Comhairle Chontae Dhún na nGall |
| | Comhairle Chathrach na Gaillimhe |
| | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| | Comhairle Chontae Laois |
| | Comhairle Chontae Liatroime |
| | Comhairle Chontae an Longfoirt |
| | Comhairle Chontae Lú |
| | Comhairle Chontae Mhaigh Eo |
| | Comhairle Chontae Mhuineacháin |
| | Comhairle Chontae Uí Fhailí |
| | Comhairle Chontae Ros Comáin |
| | Comhairle Chontae Shligigh |
| | Comhairle Chontae na hIarmhí |
| An Tionól Réigiúnach don Deisceart agus don Oirthear | Comhairle Chontae Cheatharlaigh |
| | Comhairle Chontae an Chláir |
| | Comhairle Chathrach Chorcaí |
| | Comhairle Chontae Chorcaí |
| | Comhairle Chathrach Átha Cliath |
| | Comhairle Chontae Dhún Laoghaire/Rath an Dúin |
| | Comhairle Chontae Fhine Gall |
| | Comhairle Chontae Chiarraí |
| | Comhairle Chontae Chill Dara |
| | Comhairle Chontae Chill Chainnigh |
| | Comhairle Chathrach Luimní |

Comhairle Chontae Luimní
Comhairle Chontae na Mí
Comhairle Chontae Átha Cliath Theas
Comhairle Chontae Thiobráid Árann Thuaidh
Comhairle Chontae Thiobráid Árann Theas
Comhairle Chontae Phort Láirge
Comhairle Chathrach Phort Láirge
Comhairle Chontae Loch Garmain
Comhairle Chontae Chill Mhantáin

## Tomhasanna Achair

Déantar achar a thomhais i heachtáir mar atá le feiceáil i dTábla 6. An tSuirbhéireacht Ordanáis a chur na sonraí cuí achair ar fáil. Tá na hachair léirithe gan achar lochanna, aibhneacha agus sruthanna taoide a bheith curtha san áireamh.

# Aguisín 3
# Bailte le Teorainneacha Sonraithe de réir Dlí

| Cathracha | Contae ina bhfuil sí suite |
|---|---|
| Corcaí | Corcaí |
| Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath |
| Gaillimh | Gaillimh |
| Luimneach | Luimneach |
| Port Láirge | Port Láirge |
| **Toghlaigh** | |
| Cluain Meala | Tiobráid Árann Theas |
| Droichead Átha | An Lú |
| Cill Chainnigh | Cill Chainnigh |
| Sligeach | Sligeach |
| Loch Garman | Loch Garman |
| **Bailte** | |
| Baile Átha Fhirdhia | An Lú |
| An tInbhear Mór | Cill Mhantáin |
| Baile Átha Luain | An Iarmhí |
| Baile Átha Í | Cill Dara |
| Baile Brigín | Baile Átha Cliath |
| Béal an Átha | Maigh Eo |
| Béal Átha na Sluaighe | Gaillimh |
| Béal Átha Beithe | Muineachán |
| Béal Átha Seanaidh | Dún na nGall |
| Droichead na Bandan | Corcaí |
| Beanntraí | Corcaí |
| Béal Tairbirt | Cabhán |
| Biorra | Uí Fhailí |
| Mainistir na Búille | Ros Comáin |
| Bré | Cill Mhantáin |
| Bun Crannach | Dún na nGall |
| Bun Dobhráin | Dún na nGall |
| Ceatharlach | Ceatharlach |
| Carraig Mhachaire Rois | Muineachán |
| Carraig na Siúire | Tiobráid Árann Theas |
| Caiseal | Tiobráid Árann Theas |
| Caisleán an Bharraigh | Maigh Eo |
| Baile na Lorgan | Muineachán |
| Cabhán | An Cabhán |
| Ceannanus Mór | An Mhí |
| Cloich na Coillte | Corcaí |
| Cluain Eois | Muineachán |
| An Cóbh | Corcaí |
| Muinchille | An Cabhán |
| Droichead Nua | Cill Dara |
| Dún Dealgan | An Lú |
| Dún Garbhán | Port Láirge |
| Éadan Doire | Uí Fhailí |
| Inis | An Clár |
| Inis Córthaidh | Loch Garman |
| Mainistir Fhear Maí | Corcaí |
| Guaire | Loch Garman |
| Gránard | Longfort |
| Na Clocha Liatha | Cill Mhantáin |
| Cill Chaoi | An Clár |
| Cill Airne | Ciarraí |
| Cill Rois | An Clár |

| | |
|---|---|
| Cionn tSáile | Corcaí |
| Léim an Bhradáin | Cill Dara |
| Leitir Ceanainn | Dún na nGall |
| Lios Mór | Port Láirge |
| Lios Tuathail | Ciarraí |
| Longfort | Longfort |
| Baile Locha Riach | Gaillimh |
| Maigh Chromtha | Corcaí |
| Malla | Corcaí |
| Mainistir na Corann | Corcaí |
| Muineachán | Muineachán |
| Móinteach Mílic | Laois |
| Muine Bheag | Ceatharlach |
| An Muileann gCearr | An Iarmhí |
| An Nás | Cill Dara |
| An Uaimh | An Mhí |
| An tAonach | Tiobráid Árann Thuaidh |
| Ros Mhic Thriúin | Loch Garman |
| An Pasáiste | Corcaí |
| Port Laoise | Laois |
| Sionainn | An Clár |
| An Sciobairín | Corcaí |
| An Teampall Mór | Tiobráid Árann Thuaidh |
| Durlas | Tiobráid Árann Thuaidh |
| Tiobráid Árann | Tiobráid Árann Theas |
| Trá Lí | Ciarraí |
| Trá Mhór | Port Láirge |
| Baile Átha Troim | An Mhí |
| Tuaim | Gaillimh |
| Tulach Mhór | Uí Fhailí |
| Cathair na Mart | Maigh Eo |
| Cill Mhantáin | Cill Mhantáin |
| Eochaill | Corcaí |

# Aguisín 4
# Síntí le Bailte agus le Toghlaigh Chathracha ó 1926

| Contae | Ceantar | Toghcheantar | |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | Baile Ceatharlaigh | 1 | Ceatharlach Uirbeach |
| | | 2 | An Ghráig Uirbeach |
| | | 19 | Ceatharlach Tuaithe (cuid)* |
| Cill Dara | Baile Átha Í | 1 | Baile Átha Í Thoir Uirbeach |
| | | 2 | Baile Átha Í Thiar Uirbeach |
| | | 4 | Baile Átha Í Tuaithe (cuid)* |
| Longfort | Baile Longfoirt | 1 | Longfort Uimhir 1 Uirbeach |
| | | 2 | Longfort Uimhir 2 Uirbeach |
| | | 51 | Longfort Tuaithe (cuid)* |
| An Lú | Toghlach Dhroichead Átha | 1 | Geata Sráid an Aonaigh |
| | | 2 | Geata San Labhráis |
| | | 3 | Geata Shráid na gCapall |
| | | 41 | Toghroinn Cheantair Pheadair (cuid)* |
| | | ‡ | Toghroinn Cheantair Mhuire (cuid)* |
| | Baile Dún Dealgan | 4 | Dún Dealgan Uirbeach Uimhir 1 |
| | | 5 | Dún Dealgan Uirbeach Uimhir 2 |
| | | 6 | Dún Dealgan Uirbeach Uimhir 3 |
| | | 7 | Dún Dealgan Uirbeach Uimhir. 4 |
| | | 23 | Baile an Chaisleáin (cuid)* |
| | | 27 | Dún Dealgan Tuaithe (cuid)* |
| | | 30 | Baile Hagaird (cuid)* |
| Mí | Baile Cheannanus Mór | 1 | Ceannanus Mór - Uirbeach |
| | | 26 | Ceannanus Mór - Tuaithe (cuid)* |
| | Baile na hUaimhe | 2 | Uaimh Uirbeach |
| | | 55 | Uaimh Tuaithe (cuid)* |
| | Baile Átha Troim | 3 | Baile Átha Troim Uirbeach |
| | | 92 | Baile Átha Troim Tuaithe (cuid)* |
| Loch Garman | Baile Inis Córthaidh | 1 | Inis Córthaidh Uirbeach |
| | | 21 | Inis Córthaidh Tuaithe (cuid)* |
| | Toghlach Loch Garmain | 4 | Loch Garman Uimhir 1 Uirbeach |
| | | 5 | Loch Garman Uimhir 2 Uirbeach |
| | | 6 | Loch Garman Uimhir 3 Uirbeach |
| | | 123 | Loch Garman Tuaithe (cuid )* |
| Cill Mhantáin | Baile Bré | 3 | Bré Uimhir 1 |
| | | 4 | Bré Uimhir 2 |
| | | 5 | Bré Uimhir 3 |
| | | 6 | Ráth Michíl (Bré) |
| | | 35 | Cill Mocheanóg (cuid)* |

* San áireamh cheana i nDuichí Tuaithe.
‡ Cheana ED 47 (cuid) i gCo na Mí.

| Contae | Dúiche | Toghcheantar |
|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| Clár | Baile na hInse | 1 | Inis Uimhir 1 Uirbeach |
| | | 2 | Inis Uimhir 2 Uirbeach |
| | | 3 | Inis Uimhir 3 Uirbeach |
| | | 4 | Inis Uimhir 4 Uirbeach |
| | | 26 | Mainistir an Chláir (cuid)* |
| | | 29 | Dúire (cuid)* |
| | | 32 | Inis Tuaithe (cuid)* |
| | | 42 | Cnoc Uarchoille (cuid )* |
| Corcaí | Baile Eochaille | 10 | Eochaill Uirbeach |
| | | 325 | Eochaill Tuaithe (cuid)* |
| Ciarraí | Baile Chill Áirne | 1 | Cill Áirne Uirbeach |
| | | 82 | Cill Áirne Tuaithe (cuid)* |
| | | 90 | Mucros (cuid)* |
| | Baile Thrá Lí | 3 | Trá Lí Uirbeach |
| | | 165 | Trá Lí Tuaithe (cuid)* |
| Tiobráid Árann Theas | Toghlach Chluain Meala | 85 | Cluain Meala Thoir Uirbeach |
| | | 86 | Cluain Meala Thiar Uirbeach |
| | | 133 | Cluain Meala Tuaithe (cuid)* |
| | | 134 | Inis Leamhnachta (cuid)* |
| Maigh Eo | Baile Bhéal an Átha | 1 | Ard na Ria Theas Uirbeach |
| | | 2 | Béal an Átha Uirbeach |
| | | 6 | Ard na Ria Thuaidh (cuid)* |
| | | 7 | Ard na Ria Theas Tuaithe (cuid )* |
| | | 10 | Béal an Átha Tuaithe (cuid)* |
| | Baile Chaisleán an Bharraigh | 3 | Caisleán an Bharraigh Uirbeach |
| | | 74 | Caisleán an Bharraigh Tuaithe (cuid)* |
| | Baile Chathair na Mart | 4 | Cathair na Mart Uirbeach |
| | | 144 | Cill Mhíona (cuid)* |
| Dún na nGall | Baile Leitir Ceanainn | 3 | Leitir Ceanainn Uirbeach |
| | | 105 | Leitir Ceanainn Tuaithe (cuid)* |
| Muineachán | Baile na Lorgan | 2 | Baile na Lorgan Uirbeach |
| | | 27 | Baile na Lorgan Tuaithe (cuid)* |
| | Baile Chluain Eois | 3 | Cluain Eois Uirbeach |
| | | 36 | Cluain Eois Tuaithe (cuid)* |
| | Baile Muineacháin | 4 | Muineachán Uirbeach |
| | | 63 | Muineachán Tuaithe (cuid)* |

* san áireamh cheana i nDuichí Tuaithe.

## Síntí le Teorainneacha

Ceadaíodh go foirmiúil síntí leis na bailte seo a leanas ó bhí an daonáireamh deireanach ann:

| | |
|---|---|
| Cill Áirne | Tagraíonn I.R. 451 de 2000 |
| Caisleán an Bharraigh | Tagraíonn I.R. 638 de 2001 |
| Béal an Átha | Tagraíonn I.R. 601 de 2001 |
| Cathair na Mart | Tagraíonn I.R. 603 de 2001 |

# Aguisín 5
# Daonra Bailte nó Ceantair Mháguaird/Bruachbhailte atá lonnaithe i níos mó ná Contae amháin

| Baile | Contaetha | Uimhir na nDaoine | | Athrú Céatadáin 1996-2002 |
|---|---|---|---|---|
| | | 1996 | 2002 | |
| Ceantair Mháguaird ar Cheatharlach | Ceatharlach<br>Laois | 3,258 | 5,269 | 61.7 |
| Gráig na Manach- Tigh na hInse | Ceatharlach<br>Cill Chainnigh | 1,374 | 1,435 | 4.4 |
| Bun Clóidí-Carrickduff | Ceatharlach<br>Loch Garman | 1,241 | 1,361 | 9.7 |
| Cluain na nGall | Ceatharlach<br>Loch Garman | 200 | 193 | -3.5 |
| Ceantair mháguaird ar Bhré | Baile Átha Cliath<br>Cill Mhantáin | 2,671 | 4,707 | 76.2 |
| Ceantair mháguaird ar Ros Mhic Thriúin | Cill Chainnigh<br>Loch Garman | 1,135 | 1,727 | 52.2 |
| Cúil an tSúdaire | Laois<br>Uí Fhailí | 3,320 | 4,001 | 20.5 |
| Béal Átha Liag - Ballyleague | Longfort<br>Ros Comáin | 984 | 943 | -4.2 |
| Ceantair mháguaird ar Dhroichead Átha | Co Lú<br>Co na Mí | 822 | 2687 | 226.9 |
| Ceantair mháguaird ar Átha Luain | An Iarmhí<br>Ros Comáin | 7,853 | 8,582 | 9.3 |
| Bruachbhailte Luimní | Clár<br>Luimneach | 27,098 | 32,975 | 21.7 |
| Droichead Uí Bhriain-Montpelier | Clár<br>Luimneach | 409 | 375 | -8.3 |
| Mainistir na Croiche | Tiobráid Árann Thuaidh<br>Tiobráid Árann Theas | 447 | 610 | 36.5 |
| Ceantair mháguaird ar Chluain Meala | Tiobráid Árann Theas<br>Port Láirge | 967 | 1171 | 21.1 |
| Conga | Gaillimh<br>Maigh Eo | 197 | 185 | -6.1 |
| Ceantair mháguaird ar Bhéal Átha na Sluaighe | Gaillimh<br>Ros Comáin | 89 | 235 | 164.0 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cora Droma Rúisc | Liatroim<br>Ros Comáin | 1,868 | 2,237 | 19.8 |
| Rúscaigh | Liatroim<br>Ros Comáin | 220 | 198 | -10.0 |
| Baile Chathail –Bellahy | Maigh Eo<br>Sligeach | 675 | 753 | 11.6 |
| Paiteagó* | Dún na nGall<br>Fear Manach | 320 | 275 | -14.1 |
| Ceantair mháguaird ar Bhiorra | Uí Fhailí<br>Tiobráid Árann<br>Thuaidh | 838 | 846 | 1.0 |

* daonra den chuid sin de Pheiteagó atá lonnaithe i gContae Dhún na nGall.

# Aguisín 6

## Sceideal na bhFoilseachán ó Dhaonáireamh 2002

| **Cur Síos** | | **Dáta Foilsitheoireachta** |
|---|---|---|
| Réamh Thuairisc | Foilsithe | 24/07/02 |
| Príomhthorthaí Déimeagrafacha | Foilsithe | 19/06/03 |
| Imleabhar 1 – An Daonra Rangaithe de réir Ceantair | Foilsithe | 03/07/03 |
| Imleabhar 2 – Aoiseanna agus Stádas Pósta | | 31/07/03 |
| Imleabhar 3 – An Líon Tí agus Aonaid Teaghlaigh | | 28/08/03 |
| Príomhthorthaí Socheacnamaíocha | | 25/09/03 |
| Imleabhar 4 – Gnátháit Chónaithe, Imirce, Áiteanna Breithe agus Náisiúntacht | | 23/10/03 |
| Imleabhar 5 – Príomhstádas Eacnamaíoch agus Tionscail | | 13/11/03 |
| Imleabhar 6 – Gairmeacha Beatha | | 04/12/03 |
| Imleabhar 7 – Oideachas agus Cáilíochtaí | | 15/01/04 |
| Imleabhar 8 – Lucht Taistil na hÉireann | | 29/01/04 |
| Imleabhar 9 – Taisteal chuig an Obair, An Scoil agus chuig an gColáiste | | 19/02/04 |
| Imleabhar 10 - Míchumas agus Cúramóirí | | 11/03/04 |
| Imleabhar 11 – An Ghaeilge | | 25/03/04 |
| Imleabhar 12 – Creideamh | | 08/04/04 |
| Imleabhar 13 – Tithíocht | | 22/04/04 |